

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 1

Teaghlachas an Uachtaráin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus costais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €833,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, mar a leag An Roinn Caiteachais Poiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe amach iad i gclár 20 de 2024. Áirítear leis seo na Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a cuireadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

Sócmhainní oidhreachta

Ní luacháiltear sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá ar áireamh sna sócmhainní troscán agus saothair ealaíne. Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhrسته ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de, ní cuspóir fóna a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas maoin, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Tá saolréanna úsáideacha agus rátaí na bpríomhaicmí sócmhainní caipitil a bhaineann leo mar seo a leanas.

Aicme Sócmhainní	Saolré Úsáideach	Ráta Amúchta
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Trealamh Oifige	5 bliana	20%
Trealamh IT	5 bliana	20%

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig Theaghlachas an Uachtaráin córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí ar Roinn an Taoisigh.

Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chumhdach, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Theaghlachas an Uachtaráin agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte do Theaghlachas an Uachtaráin.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat modhanna riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmiligin agus freagracht.

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin.

- Tá córais I bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí ann chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Iniúcháireacht inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi shainchúram na feidhme iniúcháireachta inmheánaí a sholáthraíonn Roinn an Taoisigh, a bhfuil pearsanra oilte cuí acu agus a oibríonn faoi chairt scríofa a cheadaigh mé féin. Tugtar eolas don obair iniúcháireachta inmheánaí trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Teaghlachas an Uachtaráin neamhchosanta orthu agus tá sé d'aidhm na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Tá an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí agus a clár oibre faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla uaimse agus ón gCoiste Iniúcháireachta, a oibríonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta in 2024, agus cuireadh i bhfeidhm in 2024 an clár oibre iniúcháireachta a comhaontaíodh in 2023.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear beim chuí ar dhea-chleachtas i dtaobh cúrsaí soláthair maidir le dámhachtain conarthaí uile, agus go bhfuil nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínt iomchuí uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne ar chonradh, agus €764,000 in iomlán in 2024.

Tá sonraí faoi chonradh neamhiomaíoch amháin curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Poiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Neamhgéilliúlacht le rialacha soláthair

Lean an Oifig na treoirlínte seachas conradh amháin a raibh luach €26,000 air chun leathanbhanda raidió/micreathonnta a sholáthar d'Áras an Uachtaráin le nascacht le líonraí rialtais agus leis an OGCIÓ. Cuirfear próiseas soláthair iomaíoch ar siúl in 2025.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin lena ndéantar sainaithint ar phríomhrioscaí agus lena dtuairiscítear iad agus na gníomhartha bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí do Theaghlachas an Uachtaráin agus rinneadh iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus ar an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta do bhaill fhoirne áirithe.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhríoscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. In 2024, rinne obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin a bhí freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choimeád bonn eolais a choimeád faoin obair a rinne Teaghlachas an Uachtaráin chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainithníodh laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2024 a bhfuil gá a nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

John Callinan

Oifigeach Cuntasaíochta
Teaghlachas an Uachtaráin

25 Márta 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

13 Lúnasa 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Maidir le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithníim aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Cuntas Leithreasa 2024			
		2024	2023
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas clár			
A	Teaghlachas an Uachtaráin	3,591	2,816
B	Deolchaire daoine in aois an chéid	1,765	1,507
Ollchaiteachas		5,356	4,323
Lúide			
C	Leithreasaí-i-gcabhair	96	124
Glanchaiteachas		5,260	4,199

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a feidhmíodh faoi dhliteanas i leith a ghéillte don Stáitchiste.

	2024	2023
	€	€
Farasbarr le géilleadh	832,736	892,344

John Callinan
Oifigeach Cuntasaíochta
Teaghlachas an Uachtaráin

25 Márta 2025

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2024			
		2024	2023
	€000	€000	€000
Caiteachas clár		1,378	1,441
Pá		2,323	2,141
Neamhphá		848	741
Ollchaiteachas		4,549	4,323
Lúide			
Leithreasáí-i-gcabhair		122	124
Glanchaiteachas		4,427	4,199
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
<i>Réadmhaoin , innealra agus trealamh (Nóta 2.1)</i>			
Dímheas		9	8
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
laghdú ar stoic	83		
méadú ar réamhíocaíochtaí	(44)		
méadú ar ioncam fabhraithe	(4)		
méadú ar chostais fhabhraithe	110		
		145	(58)
Caiteachas díreach		4,581	4,149
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí		5,905	5,303
gaolmhara (nóta 1.1)			
Glanchostas clár		10,486	9,452

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a iompraíodh in áit eile.

	2024	2023
	€000	€000
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	705	698
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	2,905	2,368
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí	396	312
Vóta 20 Comhroinnte	254	233
Vóta 28 An Garda Síochána	76	174
Vóta 36 Gnóthaí Eachtracha	535	496
Vóta 43 Cosaint	63	60
An Lárchiste: Luachanna saothair agus liúntais	971	962
Uachtaráin agus pinsin Uachtaráin		
	5,905	5,303

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin , innealra agus trealamh	2.1	—	9
Sóchmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		24	106
Stoic	2.2	4	87
Réamhíocaíochtaí	2.3	71	27
Ioncam fabhraithe		8	4
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	7	(39)
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	51	2
		165	187
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.5	149	39
Iarmhéideanna chreidmheasa eile	2.6	82	69
		231	108
Glan (dlíteanais)/sóchmhainní reatha		(66)	79
Glan (dlíteanais)/sóchmhainní		(66)	88
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.8	(66)	88

2.1 Réadmhaoin, innealra agus trealamh

	Trealamh TF	Iomlán
	€000	€000
Ollsóchmhainní		
Ag 1 Eanáir 2024	43	43
Ag 31 Nollaig 2024	43	43
Dímheas carntha		
Ag 1 Eanáir 2024	34	34
Dímheas don bhliain	9	9
Ag 31 Nollaig 2024	43	43
Glansóchmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2024	—	—
Ag a 31 Nollaig 2023	9	9

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Boinn daoine in aois an chéid	4	87
	4	87

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Tacaíocht bogearraí	42	8
Riarachán	16	16
Eile	13	3
	71	27

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Párolla a íoctar roimh ré	50	—
Míreanna dochair fionraithe eile	1	2
	51	2

2.5 Costais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíocht IT	3	—
Caiteachais riaracháin	33	39
Fabhruithe a bhaineann le párolla	113	—
	149	39

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	35	32
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	18	17
Cáin shiarchoinneálach	—	1
Cáin bhreishluacha	9	—
Ranníocaíocht pinsin	5	5
Muirear sóisialta uilíoch	7	7
	74	62
Fionraí		
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	8	7
	82	69

2.7 Glanmhaoiniú ón Stáitchiste

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	833	892
Deontas ón Stáitchiste nár tarraingíodh	(840)	(853)
Glanmhaoiniú ón Stáitchiste	(7)	39
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	24	106
Iarmhéideanna: dochair	51	2
	75	108
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(74)	(62)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(8)	(7)
	(82)	(69)
	(7)	39

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		88	38
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	5,260	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(833)	
Glanmhéid an Vóta		4,427	4,199
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	5,905	5,303
Glanchaiteachas clár	1	(10,486)	(9,452)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		(66)	88

2.9 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	84	—

Nóta ^a Is iad gealltanais do 2024 ná conarthaí neamh-inchealaithe ag deireadh na bliana. Rinneadh athanailís ar fhigiúirí comparáideacha agus leasaíodh iad chun an ceanglas nochtá uasdátaithe maidir le soláthar earraí agus seirbhísí a léiriú.

2.10 Tionchar athruithe ar bheartas cuntasáíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasáíochta nua rialtais láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

	2024
	€000
Fabhrú laethanta saoire ^a	(44)
Fabhrú párolla ^a	(69)
	(113)

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos leithroinnte ar na cláir éagsúla, chun costais iomlán na gclár a chur i láthair.

		2024	2023
		Toradh	Toradh
		Soláthar meastacháin	
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,401	2,141
ii	Taisteal agus cothú	310	103
iii	Oiliúint agus forbairt	40	16
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	552	506
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus caiteachais IT	360	112
vi	Caiteachais áitribh	9	4
		3,672	2,882

Nóta ^a Laghdaíodh líon na bhfo-cheannteidil riaracháin neamhphá ó sheacht go cúig in 2024 mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a uasdátú ar fud na gcuntas vótáilte. Rinneadh athanailís ar fhigiúirí comparáideacha 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

Difríochtaí suntasacha

Sna míreanna seo a leanas, déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

- ii
Taisteal agus cothú
Soláthar meastacháin €310,000; Toradh €122,000
Bhí easnamh caiteachais de €188,000 ann toisc go raibh taisteal intíre agus idirnáisiúnta níos lú ná mar a measadh.
- v
Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus caiteachais IT
Soláthar meastacháin €360,000; Toradh €204,000
Bhí easnamh caiteachais €156,000. Rinne an meastachán soláthar d'infheistíocht i gcóras nua a thiocfadh in ionad Lotus Notes. Cuireadh moill ar dhul chun cinn an tionscadail mar thoradh ar thosaíochtaí gnó iomaíocha. Tá an tionscadal le tabhairt ar aghaidh i 2025.

Clár A Teaghlachas an Uachtaráin

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	2,335	2,258	2,078
A.2	Riarachán – neamhphá	1,256	845	738
		3,591	3,103	2,816

Clár B Deolchaire daoine in aois an chéid

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	66	65	63
B.2	Riarachán – neamhphá	15	3	3
B.3	Deolchaire daoine in aois an chéid	1,684	1,378	1,441
		1,765	1,446	1,507

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas na gclár (+/- 5% agus €100,000).

B.3 Deolchaire daoine in aois an chéid

Soláthar meastacháin €1.684 milliún; Toradh €1.378 milliún

Bhí caiteachas Clár B €306,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh, toisc go raibh níos lú daoine in aois an chéid ná mar a soláthraíodh. Íocadh 541 deolchaire céad bliain i 2024 agus rinneadh soláthar do thart ar 630. Tá caiteachas sa réimse seo bunaithe ar éileamh. Bhí tionchar ag an difríocht ama idir admháil agus íocaíocht daoine atá céad bliain d’aois ar an gcoigilteas seo.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2024		2023
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair earnála poiblí	89	98	89
2	Ilghnéitheach	7	24	35
		96	122	124

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2024	2023
Líon foirne ag deireadh na bliana	30	29

5.2 Pá

	2024	2023
	€000	€000
Pá	2,083	1,910
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	61	60
Ragobair	22	25
ÁSPC an fhostóra	157	146
Pá iomlán	2,323	2,141

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	An líon faighteoirí	Faighteoirí de €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2024	2023
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	6	3	23,707	22,728
Ragobair	15	—	5,643	7,246

Nóta ^a Ní bhfuair aon ball foirne saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.4 Foireann Theaghlachas an Uachtaráin de réir bandaí pá

Is iad seo a leanas líon na bhfostaithe i dTeaghlachas an Uachtaráin a raibh sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; ach ÁSPC fostóra, costais phinsin an fhostóra gan áireamh) acu don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos.

Banda pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2024	2023
20,000	59,999	16	18
60,000	69,999	7	3
70,000	79,999	1	1
80,000	89,999	2	1
90,000	99,999	—	1
100,000	109,999	2	1
110,000	119,999	1	2
120,000	129,999	1	—
130,000	139,999	—	1
140,000	149,999	1	—
150,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	1
220,000	229,999	1	—

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2 Roinn an Taoisigh freisin. Nochtar a leibhéal tuarastal sa Chuntas Leithreasa do Vóta 2.